Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Tuarascáil Ar Na Freagraí Ar An Chomhairliúchán Faoi

NA RIALÚCHÁIN IONTRÁLA DO SCOILEANNA

(Cásanna Eisceachtúla) 2010

Réamhrá

1. Ar an 18 Meán Fómhair 2009 d'fhoilsigh an Roinn Oideachais Na Rialúcháin Iontrála do Scoileanna (Cásanna Eisceachtúla) 2010 le haghaidh comhairliúcháin. Leis na rialúcháin seo bhí leabhrán comhairliúcháin agus tugadh cuireadh do fhreagróirí barúlacha a thabhairt ar an dá dhoiciméad.

2. De réir Alt 75 ní mór don Roinn aird chuí a bheith aici ar an ghá chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aird a bheith aici ar an inmhianaitheacht atá ann dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine ó chúlraí áirithe creidimh, daoine a bhfuil dearcadh éagsúil polaitiúil acu nó daoine ó chine éagsúil.

3. As siocair ná léirigh an scagthástáil comhionannais ar na rialúcháin impleachtaí móra/suntasacha le haghaidh comhionannas deiseanna, ná bearta ar bith sa bhreise le dea-chaidrimh a chur chun cinn, measadh nach raibh Measúnacht Tionchair Chomhionannais (EQIA) ag teastáil uathu. Mar chuid den chomhairliúchán chuir an Roinn fáilte roimh thuairimí ar an scagdhoiciméad um Chomhionannas agus Cearta Daonna a bhain leis na rialúcháin.

4. Fógraíodh an comhairliúchán sna meáin, agus tugadh cuireadh do bhaill den Roinn Oideachais; de na Cúig Bhord Leabharlainne agus Oideachais (ELBanna); de Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS); den Chomhairle um Oideachas Imeasctha; de Chomhairle na Gaelscolaíochta (CnaG); do gach scoil; agus do gheallshealbhóirí comhionannais agus cearta daonna, tugadh cuireadh dóibh tuairimí a chur isteach. Faoin spriocdháta ar an 23 Deireadh Fómhair bhí 16 fhreagra ar an chomhairliúchán seo faighte ag an Roinn. Tá liosta na n-eagraíochtaí a thug freagra faoi iamh ag Iarscríbhinn A.

5. Ag an phointe seo, ní mór don Roinn Oideachais a shoiléiriú, mar a tagraíodh dó sa cháipéis chomhairliúcháin, gur dréachtaíodh na rialúcháin le bheith in oiriúint go dlúth le roinnt leasuithe ar an bhunreachtaíocht a éascaíonn don Roinn na rialúcháin a dhéanamh. Tá an chumhacht chumasúcháin leis na rialúcháin a dhéanamh in Airteagal 16A den Ordú Oideachais 1997 (mar a leasaíodh ag Airteagal 29 den Ordú Oideachais 2006). Dhréachtaigh an Roinn leasuithe na reachtaíochta seo lena chinntiú go mbeadh freagracht dhlíthiúil an Phróisis um Chásanna Eisceachtúla leis an Údarás um Oideachas agus Scileanna (ESA); go dtabharfar an 'Binse' ar an 'Fhoras' ar tagraíodh dó sa bhunreachtaíocht ar mhaithe le soiléireacht agus; go mbeadh an ESA in ann luach saothair bhaill an bhinse a íoc. Chinnteodh an luach saothair go mbeadh an ESA in ann daoine aonair a cheapadh a mbeadh leibhéal oiriúnach saineolais acu i gcúrsaí oideachais agus/nó i leas leanaí agus dlíodóirí nó abhcóidí le feidhmiú mar chathaoirleach ar gach Painéal Binse.

6. Tá na leasuithe seo ceangailte leis an Bhille Oideachais atá á mheas ag an Tionól faoi láthair. Tá dualgas dlíthiúil ar an Roinn cinnte a dhéanamh de go mbeidh an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla ar fáil le haghaidh iarratas iontrála ar mheánscoileanna a bheidh ag teacht i bhfeidhm i ndiaidh 31 Iúil 2010. Ciallaíonn sé seo nach mór na rialúcháin faoi Chásanna Eisceachtúla a dhéanamh go luath sa bhliain 2010. I ndiaidh gur druideadh an tréimhse

chomhairliúcháin ar rialúcháin faoi Chásanna Eisceachtúla ba léir nach mbeadh an Bille Oideachais ina dhlí in am go leor le go ndéanfaí na rialúcháin go luath sa bhliain 2010. Ní raibh rogha ag an Roinn, dá bhrí sin, ach na rialúcháin a athdhréachtú ag glacadh leis nach féidir leasuithe ar bith ar Airteagal 16A den Ordú Oideachais 1997 (mar a leasaíodh ag Airteagal 29 den Ordú Oideachais 2006) a dhéanamh ag an phointe seo.

7. Ní raibh am ar bith ann dul i gcomhairle leis na rialúcháin athdhréachtaithe agus níorbh fhéidir é seo a sheachaint. Cúis mhór aiféala atá ann. Níor tháinig athrú ar bith ar chuid mhór gnéithe de na rialúcháin, áfach, ó na cinn seo a ndearnadh comhairliúchán orthu. Níor tháinig athrú ar bith ar shainmhíniú agus ar shamplaí de Chásanna Eisceachtúla ná ar chruth ginearálta agus ábhar nós imeachta na gCásanna Eisceachtúla, lena n-áirítear uainiú na n-éisteachtaí. Tabharfar an 'Painéal' agus an 'Foras' ar an 'Phainéal' agus ar an 'Bhinse' dá ndéantar tagairt sna rialúcháin ionas go mbeidh sé de réir bhunfhormáid Airteagal 16A. Beidh freagracht dhlíthiúil ag an Roinn Oideachais in áit an ESA as an Fhoras. Nuair a bhíonn an Bille Oideachais ina dhlí athdhréachtóidh an Roinn agus cuirfidh sé isteach arís na rialúcháin ar aon dul leis na cinn a ndearnadh comhairliúchán orthu cheana féin.

8. Tuairiscíonn an chuid eile den doiciméad seo ar na tuairimí a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin maidir leis an bhuntacar de dhréacht-rialúchain, ar an ábhar go mbaineann an mhórchuid acu leis an dá thacar de rialúcháin. Tá freagraí na Roinne ar na tuairimí seo ar fáil sa doiciméad 'Response to Consultation Respondents' a chuir an Roinn amach leis an Tuarascáil seo a chomhlánú.

Foras na gCásanna Eisceachtúla

9. Amharcfaidh Foras na gCásanna Eisceachtúla ar chásanna nuair a mhothaíonn tuismitheoirí ar chúiseanna eisceachtúla nach bhfuil ach aon iarbhunscoil ar chóir dá leanbh freastal uirthi agus nár éirigh lena n-iarratas tríd an ghnáthphróiseas chuig an iarbhunscoil sin. Amharcfaidh na Painéil ar chásanna a bhaineann le hiarratais ar iontráil chuig iarbhunscoil ina mbeidh iontráil le tarlú i ndiaidh lúil 2010. Forálann na dréacht-rialúcháin le haghaidh shainmhíniú na gcásanna eisceachtúla a bheidh in úsáid ag na Painéil le hamharc ar chásanna agus le haghaidh nós imeachta agus bhunreacht an Fhorais um Chásanna Eiseachtúla.

Achoimre ar na Príomhthuairimí a Fuarthas

10. Ó na sé fhreagra dhéag a fuarthas, léirigh deichniúr freagróir tacaíocht leathan le moltaí na gCásanna Eisceachtúla. Go príomha, thug gach freagróir eile tuairim dhearfach ar shonraí na dóighe a bhfeidhmeoidh an Próiseas de réir cleachtais.

11. Thug gach ELB freagraí úsáideacha agus mionsonraithe ar an chomhairliúchán. Áirítear leis na príomhthuairimí ón ELB:

- Tacaíocht leathan do na moltaí;

- An gá le neamhspleáchas an Fhorais;
- An gá le foinsiú cuí riarachán an Phróisis;
- An gá le hamharc ar chumarsáid le gach tuismitheoir, ní amháin leis na leanaí sin amháin atá ag aistriú ó bhunscoil go hiarbhunscoil;
- Tacúil leis an ghá le híoc as luach saothair na mball lena chinntiú go mbíonn leibhéal cuí saineolais sna Painéil a éisteann le cásanna;
- Moladh gur chóir go mbeadh réamhéisteacht neamhfhoirmiúil ann a fhreastalódh le cásanna a scagadh ar léir nach bhfuil eisceachtúil;
- Moladh gur chóir go mbeadh réamhéisteacht le haghaidh an Phainéil lena chinntiú faoin eolas atá riachtanach agus cé uaidh;
- Chuir fáilte roimh amscálaí a bunaíodh sna rialúcháin;
- Níor chóir go mbeadh cásanna le haghaidh scoileanna aonghnéise as an áireamh;
- Cheistigh an fáth nach síntear an Próiseas chuig bunscoileanna;
- Thuig an deacracht a bhaineann lena mbeadh i gceist le cás de chásanna eisceachtúla a shainmhíniú;
- Thóg sé an gá le diúltú scríofa iontrála a d'fhéadfadh a bheith ann ó gach scoil i gceist;
- Chuir béim ar an phráinn le baill a earcú;
- Léirigh imní ar an tionchar ar an chóras dá n-éireodh le líon mór daltaí áit in iarbhunscoil a fháil tríd an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla;
- Cheistigh faoin dóigh a dtagann an próiseas gearáin Iontrála in Airteagal 101 agus an Próiseas Neamhspleách Achomhairc ar Iontrálacha leis an Phróiseas nua;
- Chuir béim go mbeadh brú sa bhreis ar scoileanna eolas a thabhairt do na Painéil;
- Cheistigh an mbeadh cúiteamh iompair ar fáil i gcás iarratais ar an Fhoras ar éirigh leis;
- D'aontaigh na Boird le measúnacht na Roinne nach bhfuil impleachtaí móra/ suntasacha le haghaidh comhionannas deiseanna sna moltaí seo.

12. Thug CCMS tuairimí cuiditheacha agus fócasaithe ar an Phróiseas:

- Tacaíocht leathan do na moltaí;
- Moladh as siocair go mbítear ar an eolas faoi chásanna eisceachtúla faoi leith sula dtosaíonn an Próiseas Aistrithe ba chóir amharc orthu seo ag an phointe seo agus nuair a bhíonn cásanna faofa ba chóir áit a thabhairt don leanbh laistigh d'iontrálacha na scoile agus dá bhrí sin ag laghdú an ghá le haghaidh áiteanna breise;
- Moladh go mb'fhéidir go bhfuil an téama "tuismitheoir linbh" ró-chúng le gach éileamh ar chásanna eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a chlúdach;
- Moladh samplaí breise a d'fhéadfadh a mheas mar chásanna de chásanna eisceachtúla;
- Imní ar an tionchar ar an chóras dá n-éireodh le líon mór daltaí áit in iarbhunscoil a fháil tríd an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla.

13. Mhol Comhairle na Gaelscolaíochta gur chóir go n-amharcfaí ar chearta teanga mar chás eisceachtúil ag maíomh go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn leanbh atá ag freastal ar bhunscoil Ghaeilge éascaithe le haistriú chuig an iarbhunscoil is cóngaraí ina bhfuil soláthar oiriúnach Gaeilge i gcásanna nuair nach mbíonn soláthar cuí iarbhunscoile as Gaeilge ar fáil laistigh d'achar réasúnta taistil ó theach dalta.

14. Mhol Cumann Feirmeoirí Uladh gur chóir amharc ar chásanna cónaitheoirí tuaithe mar eisceachtúil agus d'eitigh sé an moladh nach féidir amharc ar éileamh mar eisceachtúil má tá an cás bunaithe ar infhaighteacht iompair.

15. Rinne Coimisinéir na Leanaí (NICCY) roinnt pointí lena n-áirítear na cinn seo a leanas;

- Cáineadh an Roinn mar gheall ar an tréimhse ghairid chomhairliúcháin atá ar fáil;
- D'iarr soiléireacht ar shainmhíniú na Roinne ar an 'ghnáthbhealach aistrithe';
- Léirigh imní ar an tionchar ar líon na n-iontrálacha breise ar an chóras dá n-éireodh le líon mór daltaí áit in iarbhunscoil a fháil tríd an Phróiseas um Chásanna Eisceachtúla;
- D'iarr soiléiriú ar shainmhíniú 'tuismitheora';
- D'iarr soiléiriú maidir leis an sainmhíniú ar na cásanna a bhféadfaí amharc orthu mar chásanna de chásanna eisceachtúla agus nach bhféadfaí;
- D'iarr soiléiriú ar chásanna a bhaineann le daltaí neamhráiteasaithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;

- Chuir fáilte roimh an deis go ligfí do thuairimí an linbh a thabhairt sa Phróiseas ach moladh go soiléireofaí agus go neartófaí é seo.

- Rinne NICCY roinnt ráiteas ag nascadh an Phróisis um Chásanna Eisceachtúla leis an Phróiseas um Chásanna Speisialta. Go stairiúil, áfach, ba phróiseas é an Próiseas um Chásanna Speisialta ar bhain scoileanna gramadaí úsáid as maidir le cásanna daltaí le linn an ama inar ghlac siad an scrúdú aistrithe (a fhad le hAistriú 2009). Tá ceisteanna NICCY, dá bhrí sin, bunaithe ar an mhíthuiscint go bhfuil nasc idir an dá phróiseas seo, nach bhfuil fíor. Próiseas iomlán nua is an an Próiseas um Chásanna Eisceachtúla nach raibh riamh ann agus nach bhfuil nasctha le cumas acadúil dalta. Soiléiríonn na rialúcháin nach féidir amharc ar chásanna a bhaineann le cumas acadúil dalta mar eisceachtúil. Tá freagraí na Roinne ar na tuairimí seo ar fáil sa doiciméad 'Response to Consultation Respondents' a chuir an Roinn amach leis an Tuarascáil seo a chomhlánú.

16. Scáthánaigh tuairimí a thóg freagróirí eile cuid mhór dóibh siúd ar cuireadh síos cheana féin orthu agus an iliomad freagróirí ag léiriú imní go mbeadh drochthionchar ag cuid mhór achomharc ar éirigh leo ar an chóras, gur chóir go mbeadh leibhéil chuí de shaineolas ag baill na bPainéal agus gur chóir scrúdú a dhéanamh ar shainmhíniú tuismitheora. Léirigh freagróirí tacaíocht le haidhmeanna leathana an Phróisis, le haghaidh amscálaí rialaithe na héisteachta, agus leis an dóigh gur cuireadh an deis le tuairimí an linbh a léiriú sa Phróiseas agus le haghaidh bhallraíocht na bPainéal.

Roinn an Oideachais

2 Nollaig 2009

CHOMHAIRLIÚCHÁN FAOI RIALÚCHÁN IONTRÁLACHA NA SCOILEANNA (CÁSANNA EISCEACHTÚLA) 2010 – INNÉACS FREAGRAÍ

Uimhir Freagartha Chomhairliúcháin	Ainm Freagróra
1	Gníomhaíocht Míchumais
2	An Chomhairle Theagaisc
3	Comhairle na Gaelscolaíochta
4	Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis
5	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt
6	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
7	Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
8	Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
9	Comhairle Baile Bhaile Nua na hArda
10	Aontas Feirmeoirí Uladh
11	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt
12	Scoil na Mainistreach, An tIúr
13	Coimisinéir na Leanaí agus Daoine Óga
14	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
15	Scoil Ghramadaí Aontroma
16	Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach

Tuarascáil Tuarascáil Ar Na Freagraí Ar An Chomhairliúchán Faoi

NA RIALÚCHÁIN IONTRÁLA DO SCOILEANNA (Cásanna Eisceachtúla) 2010